# Liffey Valley to City Centre Scheme

*Construction Update – June 2026*

## What is happening?

Construction works for the **BusConnects Liffey Valley to City Centre Core Bus Corridor Scheme** commenced in May 2026 at Liffey Valley Shopping Centre and along Ballyfermot Road, with a further section to begin over the coming weeks **from R833 St. Laurence's Road to beyond Landen Road.**

Works will include general upgrades and the construction of a temporary access ramp at Longmeadows Pitch and Putt and Sons of Divine Providence, along with two retaining walls. To facilitate these works, the traffic island on Ballyfermot Road will be removed, and the carriageway will be temporarily narrowed.

## Live Construction Updates

For live construction updates in your area, please visit www.liffeyvalleyscheme.ie, to view our interactive web map.

## When will works begin?

Works are expected to begin in **mid-June 2026** and are expected to continue until the end of Q4 2026.

## How will access be maintained?

Access to homes and businesses will be maintained throughout the works. Where temporary changes to access are required, residents and businesses will be notified in advance.

## Hours of operation

Working hours will be between **07:00 am and 23:00 pm**, **Monday to Friday**, and between **08:00 am to 16:30 pm on Saturdays.** Some activities may need to take place outside of these hours.

The project team will continue to update the public on ongoing works in the area as the project progresses, and notify residents and businesses in advance of any night-time works taking place.

## Temporary Traffic Management Measures

Traffic management measures will be implemented to support the safe and efficient delivery of the works. The roadway and adjacent footpaths within the work zone must be kept clear of

parked vehicles **<u>at all times.</u>** These measures will be introduced on a phased basis and carefully planned to protect road users, pedestrians, and site personnel, while minimising disruption to traffic as much as possible. Please see examples below:

- **Temporary traffic management** will be in place on Ballyfermot Road. Footpaths and cycle lanes will be temporarily closed in short sections on one side of the road at a time to minimise disruption and maintain safe access.
- **Bus stop 2716 will be temporarily relocated** a short distance nearby, remaining within easy sight of its existing location.
- **Temporary road markings and signage will be in place** throughout the works.
- **Temporary traffic light switch-offs and Stop/Go systems** will be in operation as required.

## Contact Information

For further queries, contact **Samantha Keely (GMC Group)** at **087 332 4997** or email liffeyvalleyscheme@busconnects.ie.

To sign up to our mailing list for e-construction alerts, please visit <u>liffeyvalleyscheme.ie/sign-up</u>

## Contact GMC

We encourage community feedback throughout the project, so please don't hesitate to contact us. You can share your comments or questions by visiting **www.gmcirl.com,** calling **(01) 8649800** or emailing <u>info@gmcirl.com</u>

# Scéim Chroíchonair Bhus Ghleann na Life go Lár na Cathrach

*Nuashonrú Tógála mhí an Mheithimh 2026*

---

## Cad atá ag tarlú?

Cuireadh tús le hoibreacha i leith **Scéim Chroíchonair Bhus BusConnects Ghleann na Life go Lár na Cathrach** i mí na Bealtaine 2026 ag Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life agus feadh Bhóthar Bhaile Formaid, agus tá cuid eile le tosú le linn na seachtainí atá le teacht ó **R833 Bóthar San Labhrás go níos faide ná Bóthar Landen.** Áireofar sna hoibreacha uasghrádaithe ginearálta agus rampa rochtana sealadach a thógáil ag Cúrsa Gailf Dhá Mhaide Longmeadows agus Mic Oirchille Diaga, chomh maith le dhá bhalla coinneála. Chun na hoibreacha sin a éascú, bainfear an t-oileán tráchta ar Bhóthar Bhaile Formaid, agus caolófar an carrbhealach ar bhonn sealadach.

## Nuashonruithe tógála beo

Chun fáil amach faoi nuashonruithe tógála beo i do cheantar, téigh chuig www.liffeyvalleyscheme.ie chun ár léarscáil idirghníomhach ar líne a oscailt.

## Cathain a thosófar ar na hoibreacha?

Tá na hoibreacha le tosú i **lár mhí an Mheithimh 2026** agus meastar go leanfaidh siad ar aghaidh go dtí deireadh R4 2026.

## Conas a choinneofar rochtain?

Coinneofar rochtain ar thithe agus ar ghnólachtaí i rith na n-oibreacha. Cuirfear cónaitheoirí agus gnólachtaí ar an eolas roimh ré i gcás ina mbeidh gá le hathruithe sealadacha ar rochtain.

## Uaireanta Oibre

Is idir **07:00am agus 23:00pm, Luan go hAoine, agus idir 08:00am agus 16:30pm ar an Satharn** a bheidh na huaireanta oibre. D'fhéadfaí gur gá roinnt oibreacha a dhéanamh lasmuigh de na huaireanta sin.

Leanfaidh an fhoireann tionscadail de nuashonruithe a chur ar fáil don phobal maidir le hoibreacha atá ar siúl sa cheantar de réir mar a théann an tionscadal chun cinn, agus cuirfidh siad cónaitheoirí agus gnólachtaí ar an eolas roimh oibreacha ar bith a bheidh ag tarlú san oíche.

## Bearta Sealadacha Bainistíochta Tráchta

Cuirfear bearta bainistíochta tráchta i bhfeidhm chun tacú le seachadadh sábháilte éifeachtúil na n-oibreacha. Ní mór an bóthar agus na cosáin chóngaracha laistigh den chrios oibre a choinneáil saor ó fheithiclí páirceáilte **i gcónaí**. Tabharfar na bearta seo isteach ar bhonn céimneach agus déanfar iad a phleanáil go cúramach chun úsáideoirí bóithre, coisithe agus pearsanra an láithreáin a chosaint, agus cur isteach ar thrácht a íoslaghdú a oiread agus is féidir. Féach samplaí thíos:

- Beidh **bainistíocht tráchta shealadach** i bhfeidhm ar Bhóthar Bhaile Formaid. Beidh cosáin agus lánaí rothar dúnta go sealadach i gcodanna gearra ar thaobh amháin den bhóthar ag an am chun cur isteach a íoslaghdú agus rochtain shábháilte a choinneáil.
- **Athlonnófar stad bus 2716 go sealadach** achar gearr in aice láimhe, agus beidh sé le feiceáil ón áit a bhfuil sé faoi láthair.
- **Beidh marcálacha bóthair agus comharthaíocht i bhfeidhm** go sealadach ar feadh na n-oibreacha.
- **Beidh soilsithe tráchta múchta agus córais Stad/Gluais** i bhfeidhm go sealadach de réir mar is gá.

## Cé leis ar féidir liom teagmháil a dhéanamh?

Le haghaidh ceisteanna eile, déan teagmháil le **Samantha Keely (GMC Group)** ag **087 332 4997 nó** seol ríomhphost chuig liffeyvalleyscheme@busconnects.ie

## Déan teagmháil le GMC

Molaimid aiseolas ón bpobal ar feadh an tionscadail, mar sin, ná bíodh leisce ort teagmháil a dhéanamh linn. Is féidir leat do chuid tuairimí nó ceisteanna a roinnt trí ag cuairt a thabhairt ar **www.gmcirl.com,** glaoch ar **(01) 8649800** nó ríomhphost a sheoladh chuig info@gmcirl.com